

An Scéim Cúntóir um Riachtanais Speisialta (SNA)

Eolas do Thuismitheoirí/
Caomhnóirí Leanaí is Daoine
Óga ag a bhfuil Riachtanais
Oideachais Speisialta

Sa bhileog seo tá sé i gceist eolas a thabhairt
do thuismitheoirí agus do chaomhnóirí maidir
leis an scéim SNA sna scoileanna



ncse

An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta
National Council for Special Education

Cuimsíonn an téarma 'Riachtanais Oideachais Speisialta' speictream leathan leanaí ag a mbíonn réimse cumas agus deacrachtaí éagsúla agus cúnamh breise múinteora agus/nó cúraim uathu.

Ar scoil éiríonn go breá le formhór na leanaí ag a mbíonn Riachtanais Oideachais Speisialta trí thacaíocht mhúinteora agus ní bhíonn aon ghá le tacaíocht mar chúram breise, seachas ón múinteoir ranga nó ábhair. Is fíor áfach, go mbíonn cúram breise ó leanaí áirithe chun gur féidir leo dul ar scoil.

Bunaíodh an scéim SNA don líon beag scoláirí úd ag a mbíonn gá suntasach le tacaíocht mar chúram breise agus nach mbeadh in ann freastal ar scoil gan a leithéid de thacaíocht bhreise a bheith acu.

Cad is brí le Cúntóir um Riachtanais Speisialta (SNA)?

Bíonn ról tábhachtach ag an gcúntóir um riachtanais speisialta (SNA) ag cabhrú leis an múinteoir maidir le tacaíocht do scoláirí ag a mbíonn Riachtanais Oideachais Speisialta agus cúram breise uathu freisin. Dáiltear ar an scoil iad agus oibríonn siad faoi stiúir an phríomh-oide/na múinteoirí. Is minic a chabhraíonn an SNA le scata scoláirí in aon scoil ag a mbíonn gá le cúram breise. De ghnáth ní bhíonn cúram suntasach de dhíth ar scoláirí ag a mbíonn Riachtanais Oideachais Speisialta agus ní gá dóibh teacht ar chúntóir um riachtanais speisialta agus iad ar scoil.

Cé atá i dteideal teacht ar thacaíocht SNA?

Féadfar tacaíocht SNA a cheadú do na scoláirí seo a leanas:

- iad siúd ag a mbíonn gá le cúram suntasach de dheasca míchumas nó riocht éigin leighis;
- agus**
- ag a mbíonn tuairiscí proifisiúnta a léiríonn go bhfuil a gcuid riachtanas chomh mór san go mbeidh gá le cabhair ó dhuine fásta chun gur féidir leo freastal ar scoil.

Scoláirí iad seo a mbíonn cúram breise uathu seachas ón múinteoir ranga/ábhair nó ball foirne nó scoláirí sa scoil, nó seachas trí theicneolaíocht chabhrach nó tríd an bhfoirgneamh scoile a chur in oiriúint.

Tá íosmhéid don líon ranga agus cóimheas SNA i scoileanna agus ranganna speisialta leagtha síos ag an Roinn Oideachais agus Scileanna; ach féadfar SNA breise a dháileadh de réir riachtanais chúram na scoláirí nuair is gá.

Cad is brí le riachtanas cúraim shuntasach?

Is minic a bhíonn an múinteoir ranga/ábhair in ann freagairt don leibhéal cúraim a bhíonn ag teastáil ón scoláire ar scoil. Is fíor áfach, go mbíonn cúram suntasach breise ó leanaí áirithe ag a mbíonn Riachtanais Oideachais Speisialta mar go mbíonn cabhair uathu maidir le:

- Béilí – deacrachtaí le slogadh nó le gluaiseacht
- Cógas riachtanach – dá gcuirfeadh an t-ualach cúram a bheadh uaidh/uaithe isteach ar an ngnáth-thréimhse múinteoireachta
- Leithreas agus sláintíocht ghinearálta
- Gluaiseacht agus Treoshuíomh
- Taoma coitianta nó sínte titeamais nó sláinte leochaileach a bhainistiú

Nó má bhíonn gá le cabhair chun:

- Scoláire a bhogadh agus a ardú
- Ardaitheoirí nó fearas eile a oibriú
- Scoláire a thógaint amach as an seomra ranga toisc cúrsaí sábháilteachta, cúram pearsanta, cúis leighis nó má bhíonn an scoláire cráite go minic de dheasca Riachtanais Oideachais Speisialta.

D'fhéadfadh gá freisin a bheith le tacaíocht SNA mar gheall ar chúram suntasach de dheasca deacrachtaí móra cumarsáide a bheith ag an scoláire.

An múineann an SNA an leanbh?

Ní múinteoirí cáilithe iad SNA is ní dháiltear iad don mhúineadh ná do thacaíocht oideachasúil.

Is é an múinteoir ranga/ábhair a mhúineann na scoláirí go léir, iad siúd ag a mbíonn Riachtanais Oideachais Speisialta san áireamh, sin é an duine atá freagrach as oideachas agus cúram na scoláirí go léir atá sa rang. Bíonn breis múinteoirí ar fáil i ngach scoil aitheanta chun teagasc breise agus tacaíocht a thabhairt dóibh siúd a mbíonn cúnamh uathu maidir le foghlaim.

An mbeidh tacaíocht ag an leanbh ó thús a c(h)uid scolaíochta?

Braitheann an tacaíocht ón tús ar an leibhéal cúraim a bhíonn de dhíth air/uirthi. Bíonn géarghá ag leanaí áirithe le han-chuid cúraim agus d'fhéadfadh tacaíocht a bheith uathu ón gcéad lá, mar shampla leanaí:

- atá neamhchoinneálach ach nach bhfuil fós in ann taomán fuail a úsáid dóibh féin
- ag a mbíonn fadhb an-suntasach leighis, mar shampla cothú PEG nó deacrachtaí móra anáilaithe ar bhonn leanúnach
- atá dall/ar a bhfuil lagú radhairc agus a mbeadh tacaíocht SNA uathu go dtí go mbeadh muinín acu astu féin ag dul timpeall na scoile agus/nó ag obair le teicneolaíocht chabhrach
- atá Bodhar nó ar a bhfuil moill éisteachta is a dhéanann teagmháil go príomha trí Theanga Chomharthaíochta na hÉireann
- ag a bhfuil deacrachtaí móra gluaiseachta de dheasca míchumais choirp.

Ina leithéid de chás dáilfidh an NCSE tacaíocht SNA nuair is gá, ionas go mbeidh sí ar fáil don leanbh chomh luath is a théann sé/sí ar scoil.

Uaireanta áfach, is fearr fanacht go dtéann an leanbh ar scoil sula dtógtar cinneadh faoin dtacaíocht SNA, go háirithe más ar son deacrachtaí iompair a mholtar í. Is chun leasa an linbh a bheadh sé ligean dóibh socrú síos ar scoil ar dtús sula ndéantar a leithéid d'iarratas. Beifear in ann buanna an linbh agus an cúram a bheadh ag teastáil sa seomra ranga a mheas, agus b'fhéidir go mbeadh an múinteoir ranga in ann freastal ar a c(h)uid riachtanas. D'fhéadfaí tacaíocht SNA a sholáthar tar éis tamaill, dá dtuigfí nach bhféadfaí freagairt do riachtanais iompair an linbh gan teacht ar a leithéid de thacaíocht.

An leanfar den chúram breise go mbíonn an leanbh réidh leis an scoil?

Braitheann sé sin ar an ngá a bhíonn ag an leanbh le tacaíocht i rith na tréimhse scolaíochta. Bheifí ag súil go bhféadfadh líon scoláirí chomh mór agus is féidir an scoil a fhágáil gan tacaíocht ó dhuine fásta ag teastáil uathu. De réir mar a théann riachtanais chúraim i léig agus neamhspleáchas i méid, bítear tar éis an sprioc lárnach a bhain le tacaíocht SNA an chéad lá a bhaint amach.

Toisc go dtagann athrú ar riachtanais na scoláirí i gcaitheamh na haimsire déanann an t-eagraí riachtanas oideachasúla speisialta (SENO) athbhreithniú bliantúil ar an ndáileadh SNA. Maidir leis sin cuirtear tuairimí tuismitheoirí, múinteoirí agus scoláirí (nuair is féidir) san áireamh. Is chun leas an linbh a bheidh an measúnú rialta céanna ar a c(h)uid riachtanas ionas go leantar den chúram ar bhonn oiriúnach. Uaireanta ní thagann aon athrú ar an leibhéal tacaíochta ina dhiaidh sin, uaireanta eile is féidir an leibhéal SNA a laghdú mura mbíonn an gá céanna ann agus uaireanta eile caithfear an leibhéal a mhéadú má bhíonn riachtanais bhreise ag an scoláire.

Ón scoilbhliain 2015-2016 ar aghaidh, beidh ar an scoil plean pearsanta a chruthú don leanbh, a mhíneoidh a c(h)uid riachtanas is a léireoidh conas a chabhróidh an SNA leis/léi maidir le spriocanna cúraim a luafar sa phlean a bhaint amach.

I bplean gach scoláire ní mór díriú ar scileanna neamhspleáchais a bhaint amach is ar an dtacaíocht SNA a laghdú ar bhonn cuí chomh luath agus is féidir ionas go bhféadfaidh formhór na scoláirí dul ar aghaidh chuig an mheánscoil is gan aon ghá acu a thuilleadh le chúram breise.

Is léir nach maith le han-chuid scoláirí meánscoile duine fásta a bheith ina dteannta mar chuirfí isteach ar chairdeas le scoláirí eile agus ar neamhspleáchas. Ina theannta san, caithfear ullmhú don saol mór atá rompu tar éis scolaíochta, agus ar an mórgóir ní bheidh cúntóir pearsanta acu ná gá acu lena leithéid. Dá bhrí sin, don chuid is mó, ní mholtar tacaíocht SNA ná níl sí oiriúnach don aoisghrúpa meánscolaíochta ach amháin má bhíonn géarghá léi de dheasca riachtanais chúraim a bhíonn tromchúiseach agus buan.

É sin ráite, is fíor go mbíonn tacaíocht SNA ag teastáil ó scoláirí meánscoile airithe chun freastal ar riachtanais áirithe ag am faoi leith nó b'fhéidir nach dtuigfí an gá go sroichfí aois áirithe agus go dtiocfadh riocht éigin chun cinn lena linn sin.

Beidh cúram tacaíochta lánaimseartha ar feadh an lae go ceann saol na scoile ó líon beag scoláirí ag a mbíonn riachtanais suntasacha. Seo hiad scoláirí ag a mbíonn mórfhadhbanna leighis nó céadfaí nó riachtanais chúraim a bhaineann le míchumas. Dáilfidh an NCSE an leibhéal cuí tacaíochta SNA ar an scoil dóibh siúd.

Is fíor áfach, nach mbeidh cúram tacaíochta ó scoláirí eile ach ar feadh tamall in aghaidh an lae nó go ceann tréimhsí gearra ar scoil, go dtí go dtéann an neamhspleáchas i bhfeabhas.

Cén fáth go mbíonn mearbhall ar dhaoine uaireanta faoi ról an SNA?

Uaireanta is iad lucht proifisiúnta sláinte a mholann tacaíocht SNA toisc gur dóigh leo go ndáiltear iad ar son tacaíocht oideachasúil agus/nó cláir theiripe a chur i gcrích ar scoil. Ní fíor é seo ach bíonn mearbhall ar dhaoine uaireanta nuair nach gceadaíonn an SENO a leithéid d'iarratas mar ceapann mórán tuismitheoirí agus scoileanna go nglactar gan cheistiú le haon mholadh déanta ag lucht proifisiúnta sláinte. Níor chóir do lucht proifisiúnta tacaíocht SNA a mholadh ach amháin má bhíonn gá le cúram suntasach. Bíonn breis múinteoirí ar fáil i ngach scoil chun teagasc breise agus tacaíocht a thabhairt dóibh siúd a mbíonn cúnamh uathu maidir le foghlaim.

Conas a dhéanfar iarratas ar thacaíocht SNA don leanbh?

Ní gá duitse iarratas a dhéanamh ar thacaíocht SNA don leanbh – is í an scoil, le cead uait, a dhéanfaidh an iarratas ar son an linbh.

Gné thábhachtach den phróiseas um thacaíocht SNA a dháileadh is ea tuairiscí proifisiúnta agus measúnuithe. Cinneann an SENO ar an leibhéal tacaíochta SNA a dháilfear ar an scoil, de réir polasaí an ROS agus cuirtear an méid seo a leanas san áireamh:

- Tuairiscí proifisiúnta a léiríonn an cineál agus réimse riachtanas atá i gceist.
- Doiciméid a mhíníonn riachtanas cúraim an linbh, cén fáth go bhfuil gá le tacaíocht SNA agus an leas a bhainfeadh an leanbh as a leithéid de chúram i dtimpeallacht na scoile.
- Riachtanais chúraim an linbh i gcomhthéacs na scoile.

Cuirtear san áireamh an gá atá ag an scoil le breis tacaíocht SNA ar an iomlán mar seans go mbeadh a leithéid cheana féin acu a bheadh oiriúnach don leanbh ach teacht uirthi.

An leanann an teacht ar thacaíocht SNA ar aghaidh ón mbunscoil go hiarbhunoideachas?

Ní ghlactar leis go leanann an tacaíocht bhreise ar aghaidh ón mbunscoil go hiarbhunoideachas. Tagann athrú i gcaitheamh na haimsire ar riachtanais an linbh agus seans nach mbeadh an leibhéal céanna ag teastáil chun go n-éireodh leis an scoláire sa mheánscoil. Fáth eile is ea an bhunscoil a bheith mar fhostóir an SNA agus ní gá go n-aistrítear SNA ó fhostóir go chéile mar sin.

Cuirfead tacaíocht SNA ar fáil don leanbh i scoil iarbhunoideachais má tá gá aige/aici léi. Agus an scoláire ag aistriú ó scoil go chéile, ní mór don scoil iarbhunoideachais iarratas ar acmhainní a sheoladh chuig an NCSE mar aon leis na tuairiscí cuí proifisiúnta.

Maidir le tacaíocht SNA do riachtanais chúraim, b'fhéidir go mbeadh na tuairiscí cuí proifisiúnta agat cheana féin, ach b'fhéidir go mbeadh ort iad a thabhairt cothrom le dáta toisc athrú a bheith tagtha ar na riachtanais chúraim.

Achomharc a dhéanamh

Má cheapann tusa, mar thuismitheoir, nach bhfuil dóthain tacaíocht cúraim á sholáthar don leanbh ar scoil, ba chóir an cheist sin a lua ar dtús le príomh-oide na scoile nó leis an mbord bainistíochta.

D'fhorbair an NCSE próiseas achomhairc do scoileanna is do thuismitheoirí maidir le cinntí na SENO um dháileadh SNA ar na scoileanna. Gheofar sonraí iomlána faoin bpróiseas achomhairc NCSE ar an suíomh idirlín www.ncse.ie.

Eolas Breise

Tá breis eolais do thuismitheoirí/caomhnóirí ar chiorclán na ROS faoin scéim SNA: **Ciorclán ROS 0030/2014**: Scéim Cúntóir um Riachtanais Speisialta (SNA) chun tacú le múinteoirí i gcás riachtanais chúraim leanaí áirithe ag a mbíonn Riachtanais Oideachais Speisialta de dheasca míchumais; é sin ar fáil ar shuíomh idirlín na ROS ag www.education.ie agus sna foilseacháin seo a leanas de chuid an NCSE:

- Leanaí ag a bhfuil Riachtanais Oideachais Speisialta: Bileog Eolais do Thuismitheoirí
- Scoil a Roghnú: Treoir do Thuismitheoirí agus Caomhnóirí Leanaí agus Daoine Óga ag a bhfuil Riachtanais Oideachais Speisialta
- Sraith Bileoga eolais NCSE do Thuismitheoirí Leanaí ag a bhfuil Riachtanais Oideachais Speisialta

Gheofar na foilseacháin NCSE ag:

www.ncse.ie/information-booklets-pamphlets-2.

Foilsíonn an NCSE sonraí na ndáiltí SNA ar scoileanna in aghaidh bliana ar a suíomh idirlín: www.ncse.ie.

Liosta Teagmhála

- Is féidir teacht ar an SENO áitiúil tríd an scoil nó ar shuíomh idirlín an NCSE ag www.ncse.ie.
- An Roinn Oideachais agus Scileanna: www.education.ie.

D'fhéadfaí cabhair a fháil freisin ó shuíomh idirlín is ó eagraíochtaí tacaíochta mar a leanas:

- Inclusion Ireland: www.inclusionireland.ie.
- Comhairle na dTuismitheoirí, Bunscoil: www.npc.ie.
- Comhairle na dtuismitheoirí, Iarbhunscoil: www.npcpp.ie.
- Cumann Síceolaithe Éireann: www.psihq.ie.
- Special Needs Parents Association: www.specialneedsparents.ie.

Tabhair faoi deara led thoil gur ar son an eolais atá an liosta seo agus nach liosta iomlán é. Tá gach seans nach raibh aon bhaint ag an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta leis na heagraíochtaí agus nach féidir leo dul i mbannaí orthu ná ar a gcuid foirne. Ba chóir do thuismitheoirí a bheith lánchinnte i gcónaí maidir le hoiriúnacht eolas ar bith faoin leanbh a thabhairt d'aon tríú páirtí.